**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi sholaid**

**Fíric a hAon**

Bonn cruth cinnte ar sholaid. Tá na cáithníní i solad in áit sheasta, rud a chiallaíonn nach féidir leo bogadh thart. Mar gheall air sin, tá cruth cinnte ar sholaid nach féidir a athrú mura mbaintear úsáid as fórsa. Mar shampla, beidh cruth agus méid boird mar an gcéanna i gcónaí de bhrí gur rud soladach atá ann. Ní athrófar an cruth ach i ndiaidh é a bhriseadh suas. Athróidh fórsa tréan cruth solaid. Tá na móilíní i solaid nasctha lena chéile.

**Fíric a Dó**

Is é an miotal Oismiam an solad is dlúithe a fhaightear sa dúlra. Is é Oismiam an dúil is dlúithe ar fad. Is é Os an tsiombail a úsáidtear d'Oismiam. Tá sé a dhá oiread chomh dlúth le luaidhe. Ní féidir ach cúpla úsáid a bhaint as Oismiam. Úsáidtear é chun barra pinn tobair a dhéanamh, chun scriúnna casaidh uirlise a dhéanamh agus bhíodh sé in úsáid chun snáthaidí gramafóin a dhéanamh san am a caitheadh. Tá an focal 'Osmiam' bunaithe ar an bhfocal Gréagach 'osme' a chiallaíonn boladh. Tá an t-ainm bunaithe ar an mboladh láidir atá ar oismiam púdraithe. Chomh maith leis sin, is féidir é a úsáid mar chatalaíoch i dtionscal na gceimiceán.

**Fíric a Trí**

Is féidir leacht a dhéanamh de sholad. Is féidir leis na trí staid damhna athrú go dtí aon staid trí phróisis dhifriúla. Is féidir leacht a dhéanamh de sholad trí leá. Nuair a théitear solad uaireanta léann sé go dtí leacht. Nuair a reoitear leacht is solad a bhíonn ann, cosúil le huisce. Nuair a reoitear an leacht uisce is oighear soladach a bhíonn ann. Is féidir solaid áirithe a thuaslagann i leacht. Is féidir salann a thuaslagann i gcupán uisce mar shampla.

**Fíric a Ceathair**

Is staid damhna bhunúsach é solad. Is féidir go leor úsáidí a bhaint as solaid inár saol laethúil agus cuireann siad go mór lenár saol. Is féidir go leor úsáidí éagsúla a bhaint as solaid. Is féidir solaid a dhéanamh de mhiotal, de phlaisteach, d'éadach nó d'adhmad. Idirghníomhaíonn tú le solaid gach soicind de do shaol. Is cuma más i do shuí ar do chathaoir adhmaid atá tú nó ag tiomáint chun na hoibre i do charr, tá tú ag idirghníomhú le solaid. Úsáidtear éadach chun éadaí a dhéanamh agus chun muid a choinneáil te. Tá cruthchuimhne ag miotal áirithe rud a chiallaíonn gur féidir leo smaoineamh ar a gcruth. Nuair a bhíonn siad fuar d'fhéadfadh cruth a leithéid seo de mhiotal athrú ach nuair a bhíonn sé ag teocht áirithe fillfidh sé ar a bhunchruth.

**Fíric a Cúig**

Tá dhá phríomhchineál solad ann. Is iad an dá phríomhchineál solaid atá ann solaid ordúla agus solaid neamhordúla. Tá móilíní agus cáithníní i solaid ordúla atá eagraithe in ord, agus tugtar Solaid Chriostalta orthu freisin. Tá leáphointe géar ag na cineálacha solad seo. I measc na samplaí de Sholaid Chriostalta tá salainn mhíne, diamaint, copar agus ór. Níl ord fadraoin ag solaid neamhordúla agus solaid Éagruthacha a thugtar orthu. Níl leáphointe géar ag na cineálacha solad seo.
Is samplaí de Sholaid Éagruthacha iad cadás, gloine fuinneoige, rubar agus plaisteach.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi sholaid. Feicfidh mé arís sibh.





LEARNING MOLE
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
EDUCATIONAL VOICE